

(Uimhir Pholasaí) POLASAÍ SAMPLACH UM THURAIIS BHEAGA

1. Bunús an Pholasaí agus na Cinntí a bhaineann leis

Déanann turais na deiseanna foghlama atá ann i dtimpeallacht luathbhlianta a fhorleathnú agus a fheabhsú.

Is é cuspóir bunúsach an pholasaithe seo ná sonrú cad ba cheart a dhéanamh chun leanaí a choimeád slán sábháilte sna hamanna sin ina bhfuil siad faoi smacht na seirbhíse ach nach bhfuil siad san áitreabh.

Chomh maith leis sin tá sé tábhachtach deimhniú go gcuirimid eispéireas taitneamhach tarraingteach agus luachmhar a dhéanfaidh na suimeanna agus eolas atá ag an leanbh a fhorleathnú thar an timpeallacht luathbhlianta.

Reachtaíocht agus riachtanais rialála

- [Na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\), 2016](#)
- [An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015](#)
- [Na hAchtanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus 2010](#)

Riachtanais leanaí

Is iad riachtanais leanaí ná:

- Deiseanna atá beartaithe go paiteanta, atá suimiúil agus sábháilte chun fáil amach faoin saol mór lasmuigh don timpeallacht luathbhlianta chun na suimeanna atá acu a spreagadh agus chun cur leis an bhfoghlaim a dhéanann siad faoin domhan mór.
- maoirseacht atá leordhóthanach agus oiriúnach, ionas gur féidir leo brath slán sábháilte.
- Duine a bheith i láthair atá in ann garchabhair a chur ar fáil i gcás timpiste.
- Duine a bhfuil a fhios acu cad is féidir déanamh agus conas gach aon duine a choimeád slán sábháilte i gcás timpiste tromchúiseach.

Riachtanais Tuismitheoirí/Teaghlach

Caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí a fhios a bheith acu:

- Ní thógfar a leanaí amach ar thurais ach amháin más rud é go dtugann siad (tuismitheoirí nó caomhnóirí) toiliú feasach.
- Beidh a leanaí slán agus go ndéanfar maoirseacht orthu.
- Beidh deiseanna eispéiris foghlama atá dea-bearthaithe agus a bhfuil cuspóir leo a bheith acu lasmuigh den ionad luathbhlianta.

An bunús agus na tosca polasaí: breac amach cad iad na príomhchúiseanna leis an bpolasaí.

Sa roinnt seo cuirtear riachtanais na bpíomhgheallshealbhóirí leis an bpolasaí san áireamh, ina measc:

- Riachtanais leanaí, i.e. cad é atá de dhíth ar na páistí agus a bhfuiltear chun baint amach leis an bpolasaí
- Riachtanais Tuismitheoirí/Teaghlach, i.e. cad é de dhíth ar thuismitheoirí ón bpolasaí.
- Riachtanais foirne, i.e. cad é a n-oireann do na ball foirne go gcuirfear ar fáil dóibh ina ról leis an polasaí.
- Riachtanais na bainisteoireachta, i.e. cad é a n-oireann don bhainistíocht go gcuirfear i bhfeidhm leis an bpolasaí.

Tá na moltaí seo curtha ar fáil chun cuidiú leosan atá ag forbairt polasaithe agus leosan atá á léamh/athbhreithniú chun deimhniú go bhfuil gach uile ghné den soláthar seirbhíse i dtaca leis an réimse beartais/topaic ar leith atá á mheas san fhoclaíocht dá bheartas agus dá ndoiciméid gnásanna.

Is féidir roinnt den téacs sna polasaithe agus gnásanna a ghearradh is a ghreamú agus a úsáid 'díreach mar atá' i do bheartasa nó i do ghnásannasa s'agatsa chomh fada is go léirítear go cruinn iontu cad é an cleachtas i do sheirbhís/áitreabh féin, nó cad é atá ag súil leis a bheith.

- Beidh faisnéis shoiléir maidir le cad atá beartaithe d'aon turais, agus measúnuithe priacail ina measc.
- Beidh na daoine fásta i gceannas ar na turais in ann aon rud a tharlaíonn a láimhseáil, dála éigeandálaí d'aon chineáil, éigeandáil leighis san áireamh, agus iad lasmuigh den áitreabh na seirbhíse.

Riachtanas Foirne

Ní mór do na baill foirne:

- Go mbíonn siad cinnte faoi cad atá i gceist lena ról agus a ndualgas maidir le sláinte agus sábháilteacht na leanaí nuair turais á mbeartú acu nó nuair atá siad amuigh ar thuras.
- Go mbíonn siad cinnte faoi cad iad na nósanna imeachta chun a dheimhniú go gcoimeádtar na leanaí slán sábháilte nuair atá siad amuigh ar thurais.

Riachtanais na bainisteoireachta

Caithfidh an bhainistíocht:

- A fhios a bheith acu go bhfuil an fhaisnéis agus na hacmhainní go léir ag an bhfoireann iomlán a bhfuil gá leis chun deiseanna foghlamtha d'ardchaighdeáin a chur ar fáil do na leanaí.
- A dheimhniú go gcuireann na baill foirne ar an eolas iad maidir leis na bearta go léir atá déanta maidir le turais.
- A dheimhniú go mbíonn mionsonraí maidir le gach uile gnás agus réamhchúram a bhfuil gá leis i dtaca leis an turas - lena n-áirítear:
 - toilithe oiriúnacha ó na tuismitheoirí nó caomhnóirí;
 - measúnuithe riosca;
 - Cóimheasanna oiriúnacha agus beartuithe maoirseachta;
 - iompar cuí agus sábháilte;
 - teagmháil leis na páirtithe leasmhara eile maidir leis an turas.
 - beartuithe maidir le garchabhair agus cógas ar eolas ag na baill foirne go léir, go soiléir, chun a dheimhniú go gcuirfear i bhfeidhm go huile is go hiomlán iad.

Creataí Beartais Náisiúnta

- [Tusla: An Creat Cáilíochta agus Rialála](#)
- [Síolta: An Chreatlach Cáilíochta Náisiúnta d'Oideachas agus do Chúram na Luath-Óige](#)
- [Aistear: Creat-Churaclam na Luath-Óige](#)
- [An Creat um Chigireacht dírithe ar Oideachas na Luathbhlianta \(An Roinn Oideachais agus Scileanna\)](#)

Leis an Míniú/an nGluais cuirtear sainmhínte ar théarmaí nach bhfuil sa gnáthchaint ó lá go lá nó ar théarmaí a bhfuil brí ar leith acu i gcomhthéacs an pholasaithe ar leith, e.g. tá seans ann gurbh éigean do roinnt páirtithe leasmhara go míneofar téarmaí dála 'cúraclam', 'oideolaíocht', 'iomlánaíocht', 'neamhiata' dóibh.

2. Sainmhíniú/Gluais

[Ag seo, breac síos sainmhíniú ar aon fhocal a úsáidtear agus a bhfuil seans ann go mbeadh gá ann é a mhíniú.]

Turais Bheaga	Uaireanta a bhíonn na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís faoi smacht na seirbhíse ach nach bhfuil siad in áitreabh na seirbhíse

3. Ráiteas Polasaithe [Sa Ráiteas Pholasaithe, breactar amach na prionsabail, na luachanna agus cuspóir na polasaithe. De ghnáth, bíonn an ráiteas polasaithe gearr go leor. Féadfar an Ráiteas Polasaithe a bheith cuimsithe mar chuid den Treoirleabhar do Thuismitheoirí/Caomhnóirí.]

Déantar beartaithe dul ar thurais chun eispéiris foghlama agus forbartha ilchineálacha nua, atá suimiúil agus spreagúil, a chur ar fáil do na leanaí.

Déantar measúnuithe riosca cuimsitheacha roimh na turais/na cuairteanna go léir agus cuirtear clúdach árachais leordhóthanach ar fáil i leith an turais, agus an t-iompar san áireamh leis sin. Déantar gach uile bheartas leordhóthanach agus iomchuí roimh ré chun cosaint a thabhairt in aghaidh timpistí, teagmhais nó breoiteacht.

Tugtar tús áite do shlándáil agus leas an linbh i gcónaí más rud é go ngortaítear é nó más rud é go mbíonn timpiste nó teagmhas ann, agus déanfar na tuismitheoirí agus na caomhnóirí a chur ar an eolas iomlán reatha i gcónaí.

Mar chuid den phróiseas pleanála seo againne, deimhnítear go bhfuil an turas lán-oiriúnach don pháiste ó thaobh aois agus leibhéal forbartha an linbh de.

Cuirfear réamhfhógra do thuismitheoirí/caomhnóirí roimh gach uile thuras agus sonraí maidir leis an dáta, an áit críocha, na hamanna imeachta agus fillte, chomh maith leis an líon leanaí sa ghrúpa, an costas atá i gceist leis agus na socruithe maidir le taistil cuimsithe san fhógra.

Ní mór toiliú a fháil i scríbhinn ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir i leith gach uile leanbh a bheidh ag dul ar an turas. Níl údarás ag aon duine seachas tuismitheoir nó caomhnóir dlíthiúil toiliú a thabhairt i leith linbh. Coimeádfar foirmeacha toilithe sa tseirbhís de réir riachtanais chosanta sonraí. Maidir le turas a tharlaíonn go rialta, ní gá ach an toiliú scríofa a

Sa Ráiteas Pholasaithe, bíonn na prionsabail, na luachanna agus cuspóir na polasaithe. De ghnáth, bíonn an ráiteas polasaithe gearr go leor. De ghnáth, is é seo an piosa a chuimsítear leis an Treoirleabhar do Thuismitheoirí/Caomhnóirí (Féach 'Plean Cumarsáide thíos)

Ní ceart téacs atá sa chló iodálach sna Polasaithe agus Teimpléid Shamplacha a chóipeáil ná é a úsáid go díreach sna polasaithe de do chuid féin. Baintear úsáid as an gcló iodálach chun leagadh amach rudaí breise go bhféadfá a chur san áireamh agus tú i mbun polasaí agus gnásanna de do chuid féin a fhorbairt nó fiú amháin chun a luadh cad ba cheart cur síos sa spás idir na lúbíní chun an doiciméad a oiriúnú le do chás féin.

fháil uair amháin ag tús na bliana. (Mar chuid den pholasaí agatsa, leag amach foirm toilithe mar aguisín inti.)

Beidh na leanaí go léir slán agus déanfar maoirseacht orthu i rith an turais.

Tugtar fáilte roimh thacaíocht ó thuismitheoirí, ó chaomhnóirí nó ó chúramóirí ar lá an turais nó cuairte agus moltar amhlaidh, leis. Cinnfear an cóimheas idir leanaí agus aosaigh de réir torthaí measúnuithe riosca.

[Más rud é go bhfuil sé ar intinn agat tuismitheoirí, caomhnóirí nó aosaigh eile nach baill foirne iad (a bhféadfar nach ndearnadh aon ghrinnfhiosrú orthu) grúpa leanaí a thionlacadh mar dheonaigh, ar aon turais, caithfidh tú machnamh a dhéanamh ar conas a dhéanfaidh tú a dheimhniú go leanfar na Gnásanna um Chosaint Leanaí do chuideachta. Mar shampla, d'fhéadfá a shonrú i do pholasaí nach gceadaítear do dheonaigh maoirseacht a thabhairt d'aon leanaí (seachas a leanaí féin) ach amháin más rud é go bhfuil ar a laghad duine amháin de chuid na mball foirne i gcuideachta leo.]

Is iomadúil an éagsúlacht cineálacha de thurais a tharlaíonn. Féadfar go mbeadh gá le hullmhúchán difriúil agus le soláthair foirne difriúil ag gach uile thuras.

Áirítear leo siúd:

- Turais de shiúl na gcos, mar shampla - cuairt chuig coillte, go dtí an pháirc, an leabharlann nó oifig an phoist.
- Turais a bhfuil modh iompair de dhíth leo chuig áiteanna dála iarsmalanna, feirmeacha oscailte is araile.

Nuair a oireann modh iompair a úsáid, ba cheart glacadh le gach uile chúram chun deimhniú go n-iomprófar leanaí go slán sábháilte, agus go n-úsáidfear suíocháin agus criosanna suíocháin oiriúnacha do na leanaí ar leith.

Is féidir le thuismitheoirí nó le caomhnóirí aon tairiscint a dhiúltú dá leanaí dul ar aon turas atá beartaithe. Má tharlaíonn amhlaidh, cuirtear socruithe malartacha in áit dóibh. Tabharfar tacaíocht do na leanaí siúd nach bhfuil toiliú faighte acu ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir dul ar thuras ionas nach mbraitheann siad go bhfuil siad fágtha amach ar leith.

4. **Gnásanna & Cleachtais** *[Ag seo, leagtar amach na céimeanna sonracha agus/nó teoracha gur cheart glacadh leo chun an polasaí a chur i bhfeidhm.]*

Toiliú

Sa chuid de do pholasaí maidir le gnásanna leagtar amach na céimeanna gur cheart a leanúint (baill foirne atá i gceist de ghnáth) agus/nó tugtar treoir shoiléir ar conas an polasaí a fhorfheidhmiú. Ba cheart tagairt a dhéanamh don chuid seo go minic agus tú i mbun an polasaí a chur i bhfeidhm toisc go dtugtar treoir soiléir inti ar conas an polasaí a chur i gcrích.

Caithfidh na tuismitheoirí nó na caomhnóirí ceadú a thabhairt i scríbhinn dár leanbh dul ar thuras ina léirítear go bhfuil láneolas acu ar an dáta, ar an sprioc atá beartaithe agus ar an modh taistil a úsáidfear chun dul ann, ar na gníomhartha atá beartaithe agus ar an líon foirne agus aosach eile a bheidh ag tionlacan na leanaí nó a bheidh dá maoirsiú.

Caithfidh na rudaí seo a bheith san fhoirm toilithe:

- Ainm an Linbh
- Cad is cúis leis an turas
- Dáta agus an t-am measta imeachta agus fillte
- Cur síos ar an sprioc molta
- An modh iompair a n-úsáidfear
- Na gníomhaíochtaí molta
- An líon leanaí is dóichí lena bhfuiltear ag súil le bheith ag dul ar an turas
- An cóimheas d'aosach:leanbh ar an turas
- Aon aosaigh nach baill foirne iad a bheidh i dtionlaic leis na leanaí agus a dhéanfaidh maoirseacht orthu ar an turas
- Faisnéis maidir leis an measúnú riosca atá déanta agus atá ar fáil in áitreabh na seirbhíse.

Ní mór fógra a thabhairt do na tuismitheoirí nó do na caomhnóirí maidir leis an gcineál éadaí a bheadh oiriúnach dá leanbh a chaitheamh, agus más rud é go mbeadh gá rudaí a thabhairt leo dála athrú éadaí, grianscagaire, lón pacáilte agus deochanna.

Ní ceadmhach don fhoireann turas a phleanáil ach amháin más rud é go bhfuil *an Bainisteoir* feasach air agus go dtugann sé a chead leis.

Ní mór pleananna don turas, i scríbhinn, ina gcuimsítear an measúnú riosca, a thabhairt don *Bhainisteoir* roimh don turas molta.

Árachas

Ba cheart seiceáil le do sholáthraí árachais an bhfuil ceanglas ort iad a chur ar an eolas faoi gach uile thuras ar leith agus, más amhlaidh atá, ba cheart a lua ag seo gur gá don bhainisteoir an Chuideachta Árachais a chur ar an eolas – chomh maith leis sin, is fiú ainm agus sonraí teagmhála an tsoláthraí árachais a chur síos ag seo.

Tosca sábháilteachta agus measúnú riosca

Caithfidh an duine atá i mbun údarais ar an turas an cumas a bheith aige chun gnásanna sábháilteachta a chur chun feidhme – áirítear leis sin na gníomhaireachtaí oiriúnacha go léir a dhéanamh chun a dheimhniú go n-iompraítear na leanaí go sábháilte.

Sonraigh ainm na baill foirne agus na cineálacha turas gur féidir leo ceannaireacht a glacadh orthu, agus sonraigh chomh maith nach mór an Bainisteoir a chur ar an eolas faoi gach uile thuras agus faomhadh a

fháil uaidh roimh don fhógra a thabhairt do na tuismitheoirí agus na caomhnóirí.

I ngach uile chás, caithfidh measúnú riosca a dhéanamh chun meas cé mhéad baill den fhoireann a bhfuil gá leo dul i dtionlacan na leanaí ar thurais.

Ní mór do bhaill foirne atá cáilithe go leordhóthanach leis cuairt thrialach a dhéanamh chun feiliúnacht an sprioc nó an ionaid a mheas. Tá sé riachtanach go ndéantar measúnú riosca roimh thuras a chur ar siúl.

Sa mheasúnú riosca caithfidh na rioscaí a bhaineann le haon turas ar leith a shainaithint agus a mheas maidir le sábháilteacht, le sláinte nó le folláine gach uile leanbh a bheidh ag dul ar an turas agus caithfidh sé a shonrú conas a dhéanfar na rioscaí a shainaithnítear a bhainistiú agus a íoslaghdú.

Tá sé tábhachtach a bheith airdeallach roimh aon rioscaí féidearthacha agus roimh aon réamhchúram gur gá glacadh leo i leith láithreán ar leith agus i leith cineálacha aimsir ar leith.

Coimeád i d'aighe:

- An bealach agus an ceann sprice
- An cineál gníomhartha a bheidh ann
- An réamhaisnéis aimsire – smaoinigh ar an mbeidh gá le grianscagaire agus/nó éadaí báistí agus buataisí, coisbheart oiriúnach (ní cuaráin)
- An fad ama molta don turas
- An modh taistil chuig an gceannsprioc molta, agus chun filleadh uaithi, leis
- An líon aosach agus leanaí a bheidh ar an turas
- An líon ball foirne agus aosach freagrach eile a mbeidh gá leo chun maoirseacht leordhóthain a chur ar fáil agus na saincileanna a bheith gá leo, chomh maith
- Na rudaí gur cheart a thabhairt ar an turas
- Fógraí sábháilteachta atá ag an sprioc, dála comharthaí agus brataigh
- Riachtanais um níochán láimhe
- Na hailléirgí atá ar na leanaí, ró-íogaireachtaí don bhia san áireamh
- Riachtanais bhreise d'aon leanbh
- Guaiseacha Uisce
- Aon rioscaí a bhaineann le gníomhartha uiscebhunaithe

Caithfidh treoir agus foláireamh a thabhairt do na leanaí atá oiriúnach dá n-aois.

Pléigh ceisteanna sláinteachais leis na leanaí agus leis na cuiditheoirí deonacha (go háirithe ar chuartheanna feirmeacha).

Fágfar liosta ar a mbeidh sonraithe ainmneacha na mball foirne agus na leanaí go léir a bheidh ag dul ar an turas, agus na huimhreacha teileafóin bainteacha, le

Maoirseacht ar leanaí

Caithfidh grianghraf den ghrúpa a ghlacadh roimh dó an tseirbhís a fhágáil gur féidir seiceáil in éadan leis más gá. Sa tslí seo beidh an grianghraf is deireanaí de na leanaí ar fáil, na héadaí atá á gcaitheamh acu chomh maith.

Caithfidh ainmclibeanna a chur ar éadaí na leanaí sula fhágann tú an tseirbhís agus gan iad a bhaint dóibh go dtí go bhfuil siad ar ais sa tseirbhís ag deireadh an turais.

Caithfidh maoirseacht leordhóthanach a dhéanamh ar na leanaí, i gcónaí, chun a dheimhniú nach ligtear d'aon leanbh dul ar strae agus nach bhfuil aon teacht ar na leanaí nach bhfuil údaraithe.

Ní mór cúram ar leith a thabhairt nuair a dhéantar maoirseacht ar na leanaí ag uair an bhailithe agus na fágála.

Roimh aon turas, ba cheart do na baill foirne cinneadh a dhéanamh cé a chuideoidh le cuardach, conas a chuirfear cuardach i gcrích agus cé a ghlacfaidh ceannas ar fhuílleach an ghrúpa leanaí, más rud é go rachadh leanbh ar strae.

Tá sé ríthábhachtach na hainmneacha a ghlaigh nó tic a cur taobh leo ar liosta glaoigh rolla, agus seiceáil ainm-aghaidhe seachas na cinn a chomhaireamh amháin. Chun a bheith lán-cinnteach de go bhfuil na leanaí go léir curtha san áireamh, ba cheart cloí leis an ngnás seo:

- Ag fágáil na seirbhíse duit
- Ag sroicheadh ar an spríoc duit
- Go tráthrialta fad is a bheifear ag an áit sprice.
- Ag dul ó áit amháin go háit eile - lena n-áirítear nuair a théitear amach nó isteach.
- Ag fágáil na sprice duit
- Ar filleadh ar an tseirbhís duit.

Rudaí gur cheart don duine i gceannas a thógáil leis ar an turas:

- Caithfidh an té atá i gceannas ar an turas fón póca a bhfuil cadhnra lán ann (agus a bhfuil teach éasca ar uimhreacha teagmhála éigeandála air) (gur féidir a fháil ó *líon isteach an t-ainm ceart anseo* a thabhairt leis).

- Chomh maith leis sin, caithfidh an bosca garchabhrach agus an leigheas go léir a bhfuil gá leis chun an cúnamh cuí a thabhairt do na leanaí ar an lá a thógáil (féach Polasaí Cógais chun teacht ar tuilleadh mionsonraí). Cógais éagandála nó stóir chógais de réir mar atá sonraithe in aon de na Pleananna Cúraim atá déanta i leith aon de na leanaí ar leith. Ní mór go mbeidh gach uile mhír leighis go léir coimeádta ina ártach ceart ina fuarthas é ón bpoitigéir, agus treoracha an phoitigéara fós air. Caithfidh cógais a bhfuil gá leo a chuisniú a iompar i bpaca fuar.
- An taifead tinrimh agus faisnéis teagmhála éigeandála neasghaoil na leanaí (i.e. uimhreacha fóin baile agus fóin póca na tuismitheoirí nó na gcaomhnóirí).
- Pleananna Cúraim ar leith le haghaidh leanaí a bhfuil gá acu leo.
- Liosta de theagmhálacha na seirbhísí éigeandála.
- Plean um Theagmhas Criticiúil nuair is gá.
- Roinnt athruithe éadaí.

Caithfidh ar a laghad duine amháin a bheith ann i gcónaí a bhfuil teastas Garchabhrach aige.

Bia agus deochanna

Sa chás go dtugtar bia agus deochanna ar an turas, caithfidh glacadh le treoracha maidir leis an tsábháilteacht bia.

Caithfidh lámha na leanaí a bheith nite roimh dóibh ithe.

Ní mór do leanaí teacht a bheith acu ar uisce óil agus go mbeadh go leor uisce a choinneáil sa chorp le linn turas.

Iompar

Nuair atá gá le hiompar le haon turas, caithfidh an ball foirne atá i gceannas ar an turas a dheimhniú:

- Go gcuirtear suíocháin ghluaisteáin ar fáil agus go bhfuil siad oiriúnach don aois agus airde gach uile leanbh a n-iompraítear, ar aon dul le I.R. Uimh 240 de 2006, na Comhphobail Eorpacha.
- Go mbíonn grinnfhiosrú déanta ar na tiománaithe ag an mBíuro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána nuair is gá.
- Go ndéantar maoirseacht ar na leanaí maidir le sábháilteacht le linn an taistil, agus nuair atá siad i mbun dul isteach sna feithiclí agus ag tuirlingt díbh.

- Nach bhfágtar leanaí riamh ina n-aonar laistigh d'fheithicil, fiú agus an t-inneall múchta.
- Nach bhfágtar riamh eochracha chairr riamh san inneall nuair a thuirlingítear ón gcarr, agus go gcoimeádtar na heochracha in áit atá daingean, nach bhfuil teacht ag páistí orthu.
- Nuair atá gá leis, go bhfuil rampa nó ardaitheoir hidrálach ar fáil ionas go mbeifear in ann dul isteach san fheithicil agus tuirlingt uaidh.
- Go gcoimeádtar taifid de na feithicilí a úsáidtear chun na leanaí a iompar, go n-ainmnítear na tiománaithe agus go bhfuil an clúdach árachais iomchuí i bhfeidhm, de réir na riachtanas cosanta sonraí.

Ní mór pleananna teagmhais mionsonraithe a bheith ar fáil roimh ré lena n-ullmhófar le filladh luath nach mbeadh an dara rogha faoi.

Timpistí, teagmhais nó gortú

Más rud é go dtarlaíonn timpiste agus leanbh, ball foirne, nó aonach tionlactha i gceist, nó má théann leanbh ar easnamh ar an turas, nó má fhágtar taobh thiar é, caithfidh an ball foirne i gceannas ar an turas a dheimhniú na nithe seo a leanas:

- Leantar an gnás um chuardach a thángthas ar aontas maidir leis roimh ré, más bainteach atá sé.
- Tógann na baill foirne lena sannadh an dualgas dóibh roimh ré na leanaí eile ar ais go dtí ionad na seirbhíse.
- Is é an ball foirne a bhfuil an traenáil garchabhrach is deireanaí a thabharfar cóireáil gharchabhrach, más rud é go mbíonn gá leis sin.
- Glacann siad freagracht as cumarsáid go léir leis na seirbhísí éigeandála agus leis tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh/na leanaí atá ann.
- Téitear i dteagmháil leis an soláthraí cláraithe nó le bainisteoir na seirbhíse ar an toirt.
- Ar filladh ar ais dóibh ón eachtra seo, déantar an teagmhas a thaifeadadh ar an bhFoirm Tuairisce Theagmhais.

5. Plean Cumarsáide [Don fhoireann agus do theaghlach]

Ní mór go gcuirfeadh na tuismitheoirí nó na caomhnóirí go léir ar an eolas maidir leis na gnásanna a bhaineann leis na turais agus iad á gclárú sa tseirbhís. Déanfaidh na baill foirne a dheimhniú leis na tuismitheoirí/caomhnóirí go bhfuil an polasaí léite acu agus go dtuigeann siad cad a luaitear ann, agus tabharfaidh siad cúnaimh dóibh, de réir mar is gá.

Cuirfeadh achoimre ar an bpolasaí seo ar fáil sa Treoirleabhar do Thuismitheoirí. Chomh maith leis sin, déanfar athbhreithniú ar an

Sa chuid seo den pholasaí, leagtar amach an bealach lena gcuirfeadh na geallsealbhóirí uile ar an eolas faoi inneachar an pholasaí. Mar shampla, féadfar go dtionólfar cruinnithe chun athruithe le polasaithe a phlé agus féadfar tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le cuid de na polasaithe tríd an Treoirleabhar do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí.

bpolasaí seo leis an bhfoireann le linn insealbhuithe agus na seisiún oiliúna bliantúil.

Cuirfead cóip de na polasaí go léir ar fáil don fhoireann agus do na tuismitheoirí/caomhnóirí i rith na huairéanta oibriúcháin san Fhillteán Polasaithe a choimeádtar

Tá na tuismitheoirí/caomhnóirí i dteideal cóip den pholasaí a fháil aon uair ar bith, ach iarraidh air sin.

Cuirfead na tuismitheoirí/na caomhnóirí agus an fhoireann ar an eolas maidir le haon leasuithe a dhéantar ar an bpolasaí.

6. Polasaithe, Gnásanna agus Foirmeacha Bainteacha [*Liosta de na doiciméid gaolmhara go léir. Is iad na polasaithe sa chló trom na cinn atá riachtanach faoi Rialacháin na Luathbhlianta 2016.*]

- **An Polasaí um Thimpistí agus um Theagmhais**
- **Polasaí um Rialú Ionfhabhtuithe**
- **Beartas Earcaíochta**
- **Polasaí um Thabhartas Cógais**
- Polasaí um Chosaint Leanaí
- Beartas Pleanála Clár/Curaclam
- Beartas um Rannpháirtíocht Tuismitheoirí/Cúramóra
- Beartas um Shláinte agus Sábháilteacht
- Beartas um Oibríthe Deonacha
- Polasaí um Dhaltaí
- Beartais um Gharchabhair
- Foirm Thoilithe Tuismitheora/Caomhnóra le haghaidh Turas/Scuairdeanna
- Foirm Measúnaithe Riosca

[*Polasaithe nó foirmeacha eile a bhaineann le do sheirbhís*]

7. Tagairtí/Doiciméid Tacaíochta/Reachtaíocht Ghaolmhar

[*Luaigh aon Reachtaíocht nó Treoirleabhair Chleachtas dá dtagraítear sa pholasaí*]

- [Tusla: An Creat Cáilíochta agus Rialála](#)
- [Na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\), 2016.](#)
- Health and Safety in Childcare: A Guide for Centre-based Services, Barnardos and the Border Counties Childcare Network, 2006
- [Síolta: An Chreatlach Cáilíochta Náisiúnta d'Oideachas agus do Chúram na Luath-Óige](#)
- [Forbairt de Ráiteas um Chosaint do Leanaí: Treoir do Sheirbhísí Luathbhlianta in Éirinn](#)

Sa chuid seo, leagtar amach na doiciméid polasaithe ghaolmhara, polasaithe agus foirmeacha eile san áireamh.

Sa chuid seo de do pholasaí, luaitear amach reachtaíocht agus rialacháin ábhartha agus na hacmhainní cleachtas cáilíochta lenar luaigh tú agus an polasaí á dréachtú agat. Bíonn an faisnéis seo áisiúil nuair a dhéantar athbhreithniú ar an bpolasaí.

Ag seo, breac síos na daoine ábhartha go léir a bhfuil freagracht acu as glacadh leis an bpolasaí laistigh de do sheirbhís.

8. Cérb Éigean Dó Glacadh Leis an bPolasaí Seo

Ní mór do na bainisteoirí go léir agus an fhoireann uile glacadh leis an bpolasaí seo.

Sa chuid seo, saináithnítear na gníomhaíochtaí a chuirfidh an bhainistíocht i gcrích más rud é nach leagann ball foirne treoracha an pholasaí (mar shampla, féadfar an chéad chéim a phlé mar chuid den mhaoirseacht).

9. Gníomhaíochtaí gur cheart iad a dhéanamh más rud é nach gcuirtear an polasaí i bhfeidhm

[Ag seo, cuir aon gníomhaíochtaí ábhartha gur cheart a dhéanamh anseo]

10. Eolas Teagmhála [Cé leis ar cheart dul i dteagmháil chun teacht ar thuilleadh eolais]

Má tá tuilleadh eolais de dhíth maidir leis an bpolasaí seo, téigh i dteagmháil le:

Ainm	
Uimhir Theileafóin nó ríomhphost	

Leis seo, cuir síos ainm an té gur féidir dul i dteagmháil leis sa tseirbhís chun tuilleadh faisnéis a fháil maidir leis an bpolasaí.

11. Polasaí cruthaithe ar an...

An dáta ar a gcruthaíodh an polasaí	
--------------------------------------------	--

Cuir síos an dáta ar a gcruthaíodh an polasaí.

12. Síniú

	Ainm agus post	Síniú
Arna faofa ag		
Arna faofa ag		

Ba cheart don té a rinne an polasaí agus na gnásanna a fhaomhadh - bíodh sé sin an soláthraí cláraithe nó an bainisteoir - an doiciméad a shíniú anseo.

13. Dáta Athbheithnithe

An dáta ar a ndéanfar athbheithniú ar an bpolasaí seo	
--------------------------------------------------------------	--

Cuir síos mionsonraí anseo faoi cathain a mbeidh sé in am athbheithniú a dhéanamh ar an bpolasaí seo. Ba cheart athbheithniú a dhéanamh ar na polasaithe uair gach uile bhliain.